**FOIRM T1-D** **AN BINSE ACHOMHAIRC FOSTAÍOCHTA**

**Léigh na nótaí anseo agus comhlánaigh an fhoirm i m<u>BLOCLITREACHA</u>. Sínigh an fhoirm agus cuir dáta uirthi**

| ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN |
|---|
| Uimh. Cáis: |

**1. FÓGRA ÉILIMH MAIDIR LE MOLADH Ó CHOIMISINÉIR UM CHEARTA A FHEIDHMIÚ (Cuir tic sa bhosca iomchuí nó sna boscaí iomchuí)**

| | |
|---|---|
| | (i) Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007 |
| | (ii) Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2012 |
| | (iii) An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 |
| | (iv) An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 |
| | (v) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000 |
| | (vi) Na hAchtanna Iomaíochta, 2002 go 2014 |
| | (vii) Na hAchtanna um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 agus 2014 |
| | (viii) Na hAchtanna Ceimiceán, 2008 agus 2010 |

**2. AINM AGUS SEOLADH AN PHÁIRTÍ A bhFUIL AN FEIDHMIÚ Á IARRAIDH AIGE:**

Céadainm: ………………………………………...

Sloinne: …………………………………………...

Seoladh: ..…………………………………………

……………………………………………

…………………………………………...

Uimh. Theil. ………………………...…………..

Seoladh Ríomhphoist:

**3. AINM AGUS SEOLADH AN PHÁIRTÍ A bhFUIL AN tÉILEAMH Á THABHAIRT INA AGHAIDH:**

Ainm/Cuideachta: …………………………………..

Seoladh: ……………………………………………

……………………………………………

…………………………………………….

……………………………………………

Uimh. Theil. ………………………………………..

Seoladh Ríomhphoist:

## MÁ THAGANN AON ATHRÚ AR DO SHEOLADH, TABHAIR FÓGRA DO RÚNAÍOCHT AN BHINSE FAOI SIN.

**4. AN mBEIDH IONADAÍOCHT AGAT AG AN ÉISTEACHT? (Feidhmeannach Ceardchumainn, Aturnae, etc.)**

**Beidh** ☐ **Ní Bheidh** ☐

**Más 'Beidh' an freagra, tabhair na sonraí seo a leanas:**

**Ainm:** ……………………………………………...

**Seoladh:** ..…………………………………………...

……………………………………………

**Uimh. Theil.:** …………………………………………

**6. AN BAILE INA RAIBH AN FHOSTAÍOCHT LONNAITHE NÓ AN BAILE IS GAIRE DON ÁIT A RAIBH AN FHOSTAÍOCHT LONNAITHE:**

| **5. DÁTAÍ (MÁS INFHEIDHME)** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Lá** | **Mí** | **Bliain** |
| Dáta Breithe | | | |
| Dáta Tosaithe na Fostaíochta | | | |
| Fógra Dífhostaithe a Fuarthas | | | |
| Dáta Deiridh na Fostaíochta | | | |

| **7. PÁ (MÁS INFHEIDHME)** | |
|---|---|
| | **€** |
| Bunphá Seachtainiúil | |
| Bónas Rialta nó Liúntais Rialta | |
| Meán-Ragobair Sheachtainiúil | |
| Aon íocaíochtaí eile, lena n-áirítear íocaíochtaí comhchineáil - tabhair sonraí | |
| Pá Seachtainiúil Iomlán<br>Pá Seachtainiúil Comhlán | |
| Glanphá Seachtainiúil | |

**8. (i) AINM AN CHOIMISINÉARA UM CHEARTA:**

……………………………………………………………………………………………………..

**8.(ii) DÁTA AGUS UIMH. THAG. NA BREITHE/AN MHOLTA LENA mBAINEANN AN tÉILEAMH SEO (Cuir cóip den bhreith/mholadh sin faoi iamh leis an iarratas seo)**

| **9. IS IAD SEO A LEANAS NA CÚISEANNA LEIS AN ACHOMHARC SEO: (Is féidir leat leatháin bhreise a cheangal más gá)** |
|---|
| |

**Nóta Tábhachtach: Seolfar foirmeacha neamhiomlána ar ais agus is féidir go mbeidh moill ann ar phróiseáil an achomhairc dá bharr**

| 10. **CUIRTEAR CINNTÍ ÓN mBINSE AR FÁIL AR CHLÁR NA nACHOMHARC AGUS AR SHUÍOMH GRÉASÁIN 'CAIDREAMH SAN IONAD OIBRE'** <u>WWW.WORKPLACERELATIONS.IE</u> **(Féach pointe (17) de na Nótaí** | |
|---|---|
| **SÍNITHE:** ___________________________________<br>**DÁTA:** ___________________________________ | **<u>Tabhair faoi deara</u>: Sa chás go bpróiseálann an Binse éileamh ar éisteacht, cuirfear cóipeanna den chomhfhreagras ar fad (*foirmeacha, litreacha, iatáin, etc.*) arna fháil san oifig seo ar fáil do na páirtithe san éileamh agus malartófar eatarthu é.** |
| **MÁ BHEIDH AON ÁISEANNA SPEISIALTA AG TEASTÁIL UAIT AGUS TÚ AG FREASTAL AR ÉISTEACHT BINSE, TABHAIR FÓGRA DO RÚNAÍOCHT AN BHINSE FAOIN MÉID SIN (01-6313006).** | |

# Nótaí maidir le Foirm T1-D

***FÓGRA DON BHINSE ACHOMHAIRC FOSTAÍOCHTA FAOI MHOLADH Ó CHOIMISINÉIR UM CHEARTA A FHEIDHMIÚ FAOI:***

**(i) NA hACHTANNA UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH, 1977 go 2007**
**(ii) NA hACHTANNA UM THÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA (FAISNÉIS), 1994 go 2012**
**(iii) AN tACHT UM CHOSAINT DAOINE ÓGA (FOSTAÍOCHT), 1996**
**(iv) AN tACHT UM CHOSAINTÍ DO DHAOINE A THUAIRISCEOIDH DROCHÚSÁID LEANAÍ, 1998**
**(v) RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (COSAINT FOSTAÍOCHTA) 2003**
**(vi) NA hACHTANNA IOMAÍOCHTA, 2002 go 2014**
**(vii) NA hACHTANNA UM CHOSAINT TOMHALTÓIRÍ, 2007 agus 2014**
**(viii) NA hACHTANNA CEIMICEÁN, 2008 agus 2010**

## *Nótaí do Dhaoine a bhFuil Achomharc á Dhéanamh Acu*

**TÁ AN FHOIRM SEO LE hÚSÁID AG DAOINE AR MIAN LEO MOLADH / BREITH Ó CHOIMISINÉIR UM CHEARTA NÁR COMHLÍONADH GO FÓILL A THABHAIRT OS COMHAIR AN BHINSE**

## CUID A – TEORAINNEACHA AMA

**TEORAINNEACHA AMA DO DHAOINE A BHFUIL FEIDHMIÚ AN MHOLTA ÓN gCOIMISINÉIR UM CHEARTA Á IARRAIDH ACU:**

| | |
|---|---|
| NA hACHTANNA UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH, 1977 go 2007 | Tar éis tréimhse 6 seachtaine ó dháta an Bhinse |
| NA hACHTANNA UM THÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA (FAISNÉIS), 1994 go 2012 | Tar éis tréimhse 6 seachtaine ó dháta an Bhinse |
| AN tACHT UM CHOSAINT DAOINE ÓGA (FOSTAÍOCHT), 1996 | Tar éis tréimhse 6 seachtaine ó dháta an Bhinse |
| AN tACHT UM CHOSAINTÍ DO DHAOINE A THUAIRISCEOIDH DROCHÚSÁID LEANAÍ, 1998 | Tar éis tréimhse 6 seachtaine ó dháta an Bhinse |
| RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (COSAINT FOSTAÍOCHTA) 2003 | Tar éis tréimhse 6 seachtaine ó dháta an Bhinse |
| NA hACHTANNA IOMAÍOCHTA, 2002 go 2014 | Laistigh de 6 seachtaine ó dháta an Bhinse |
| NA hACHTANNA UM CHOSAINT TOMHALTÓIRÍ, 2007 agus 2014 | Laistigh de 6 seachtaine ó dháta an Bhinse |
| NA hACHTANNA CEIMICEÁN, 2008 agus 2010 | Laistigh de 6 seachtaine ó dháta an Bhinse |

## CUID B – NÓTAÍ

**(1) CUIR TIC SA BHOSCA IOMCHUÍ NÓ SNA BOSCAÍ IOMCHUÍ:**
Cuir tic sa bhosca nó sna boscaí a bhaineann leis an Acht nó leis na hAchtanna faoina bhfuil feidhmiú á iarraidh agat.

**(2) AINM AGUS SEOLADH AN PHÁIRTÍ A bhFUIL FEIDHMIÚ Á IARRAIDH AIGE:**
Má athraíonn tú do sheoladh tar éis an fhoirm seo a chur isteach, bí cinnte go dtabharfaidh tú fógra don Rúnaí, An Binse Achomhairc Fostaíochta, Teach Mhic Dháibhéid, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2, faoi sin. D'fhonn feabhas a chur ar an dóigh a bpróiseáiltear iarratais, seolfaimid ríomhphoist, nuair is infheidhme, chuig gach páirtí ag aon chéim de phróiseáil an achomhairc.

**(3) AINM DLÍTHIÚIL IOMLÁN AGUS SEOLADH DLÍTHIÚIL IOMLÁN AN FHOSTÓRA:**
**Aon Ordú arna dhéanamh ag an mBinse, tá baol ann nach mbeidh sé in-fhorfheidhmithe má thugtar faisnéis mhícheart.** Le haghaidh cúnaimh, féach do P45 nó, nuair is cuí, téigh i gcomhairle leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (01-804 5200). Is féidir Uimh. Chláraithe (ÍMAT) an fhostóra a fháil ó do P45, ó do P60 nó ó Dheimhniú Cánach P.6CL. Murab ionann an t-ainm sin agus an t-ainm a thugtar ar an Moladh/mBreith ón gCoimisinéir um Chearta, tabhair an dá ainm. Tá sé ríthábhachtach go dtugtar seoladh iomlán an fhostóra.

**(4) Bosca 4 – AINM AGUS SEOLADH IONADAÍ AN PHÁIRTÍ A bhFUIL ÉILEAMH Á DHÉANAMH AIGE:**
Ní gá duit ionadaíocht a bheith agat os comhair an Bhinse. Má shocraíonn tú d'ionadaí a bheith i láthair ag an mBinse thar do cheann, áfach, déanfar fógra faoi éisteacht an achomhairc a sheoladh chuig an duine sin agus chugat féin freisin.

**(5) Bosca 5** – Comhlánaigh gach dáta

**(6) Bosca 6** – Sa bhosca seo, tabhair ainm an bhaile inar oibrigh tú nó ainm an bhaile is gaire don áit sin.

**(7) Bosca 7 – PÁ:**
**Bunphá Seachtainiúil:**
Is é atá i gceist anseo an bunphá a fhaigheann tú sula ndéanfar aon asbhaintí.

**Meán-Ragobair Sheachtainiúil.**
I gcásanna a bhaineann le dífhostú éagórach, is féidir neamhaird a thabhairt ar ragobair ach amháin sa chás gur gnáthghné den phost í. Más gnáthghné den phost í ragobair sa mhéid go mbíonn súil ann de ghnáth go ndéanfaidh tú í, cuirtear pá ragoibre ar áireamh i do ghnáthphá seachtainiúil agus cuirtear ragobair ar áireamh i do ghnáthuaireanta seachtainiúla oibre.

**Íocaíochtaí Comhchineáil.**
Is éard atá i gceist anseo ná luach béilí nó cóiríochta nó teach, carr nó árachas sláinte de chuid na cuideachta etc. a úsáid.

**(8)** **Bosca 8 – AN COIMISINÉIR UM CHEARTA**

(i) Comhlánaigh ainm an Choimisinéara um Chearta a d'éist an cás,

**(i)** Comhlánaigh an dáta ar ar eisíodh an moladh nó an bhreith agus an uimh. thagartha atá le feiceáil ar an mbreith shínithe. **Cuir cóip den bhreith sin faoi iamh leis an bhfoirm seo.**

**(9)** **AN CHÚIS LEIS AN IARRATAS:**
Tabhair breac-chuntas ar do chás sa spás atá tugtha. Más mian leat aon sonraí eile a sholáthar, ceangail aon leatháin ar leithligh leis an bhfoirm seo.

**(10)** **AN tIARRATAS A ADMHÁIL:**
Mura bhfaigheann tú admháil laistigh de thréimhse ama réasúnta go bhfuarthas an t-iarratas, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le Rúnaí an Bhinse trí litir, thar an teileafón nó le ríomhphost (tugtar sonraí thíos).

**(11)** **AN tÉILEAMH A ÉISTEACHT:**
A luaithe a bheidh admháil faighte agat, liostófar do chás lena éisteacht a luaithe is féidir sa bhaile is gaire don áit a raibh an fhostaíocht lonnaithe. Gheobhaidh tú fógra 2 sheachtain ar a laghad faoi dháta na héisteachta.

**(12)** **ÉISTEACHTAÍ A CHUR SIAR:**
Ní dheonófar cur siar ach amháin i g**cúinsí eisceachtúla**. I gcásanna eile, táthar ag súil go n-éistfear an cás ag an am agus san áit atá leagtha amach san fhógra a tugadh do na páirtithe. Sa chás go ndéantar iarratais ar chur siar, is féidir iad a dhéanamh chuig aon Rannóg reatha de chuid an Bhinse ag aon ionad ar bith.

Agus iarratas á dhéanamh ar chur siar, ba cheart na coinníollacha seo a leanas ar a laghad a chomhlíonadh. Má tá ceann amháin nó gach ceann de na coinníollacha seo ann, áfach, níor cheart talamh slán a dhéanamh de go ndeonófar an cur ar ceal.

- Ba cheart cúis mhaith a léiriú toisc nach ndeonaítear cur ar ceal ach amháin ar chúiseanna an-tromchúiseach.
- Ba cheart an t-iarratas a dhéanamh a luaithe is féidir tar éis fógra a fháil faoin éisteacht, ach amháin sa chás go ligeann an Binse an ceanglas sin ar ceal ar chúis mhaith.
- Ba cheart an t-iarratas a bheith déanta ag an bpáirtí nó ag ionadaí an pháirtí i bpearsa.
- Is féidir go mbeidh cruthúnas ar thoiliú ón bpáirtí eile nó óna ionadaí ag teastáil. Is féidir an t-iarratas a dhéanamh gan toiliú, ach is féidir go mbeidh cruthúnas ag teastáil ón mBinse gur iarradh toiliú ar a laghad.

**(13)** **IARRATAIS A THARRAINGT SIAR:**
Má tá tú ag iarraidh iarratas a tharraingt siar, ba cheart duit fógra a thabhairt do Rúnaí an Bhinse a luaithe is féidir i scríbhinn nó le ríomhphost ag eat@djei.ie, agus an téarma 'tarraingt siar' á úsáid.

**(14)** **COSTAIS:**
Má tá an t-iarratas suaibhreosach nó cráiteach, is féidir go mbronnfar costais in aghaidh an iarratasóra.

**(15)** **FAISNÉIS:**
Le haghaidh faisnéis ghinearálta a fháil maidir le cearta fostaíochta, déan teagmháil le Seirbhís Custaiméara 'Caidreamh san Ionad Oibre' ag Uimh. Íosghlao: 1890 80 80 90 nó seol ceist ar www.workplacerelations.ie

**(16)** **COSAINT SONRAÍ**
Coinníonn an Binse Achomhairc Fostaíochta sonraí faoi gach iarratas atá faighte aige. Is é atá i gceist le Cosaint Sonraí na cearta atá ag daoine chun príobháideachta a chosaint agus a gcuid sonraí pearsanra á bpróiseáil. Sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, tugtar cearta do dhaoine aonair agus leagtar freagrachtaí ar dhaoine a phróiseálann sonraí pearsanta. De réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, ní bhaineann sonraí pearsanta ach le faisnéis ar dhaoine aonair agus ar thrádálaithe aonair amháin.

**(17)** **CINNTÍ**
De réir na Rialachán Iomarcaíochta (An Binse Achomhairc Iomarcaíochta), Ionstraim Reachtúil Uimh. 24 de 1968, coinnítear cóip de gach cinneadh i gClár na nAchomharc. Tá an Clár, a choinnítear i dTeach Mhic Dháibhéid, ar oscailt lena iniúchadh ag aon duine agus tá cóip de gach cinneadh ar fáil ach í a iarraidh. Tá sonraí na bpáirtithe uile ar áireamh sna cinntí atá sa Chlár.

Tá cinntí ón mbliain 2007 i leith ar fáil ar www.workplacerelations.ie freisin. Ón 1 Aibreán 2014, tá ainm páirtithe ar áireamh sna cinntí atá ar fáil ar an suíomh. Ba cheart gach ceist maidir le cinntí a chuardach ar an suíomh Gréasáin a chur ar aghaidh chuig webmaster@workplacerelations.ie

**(18)** **ATEANGAIRÍ A ÚSÁID**

Má chreideann tú go mbeidh ateangaire ag teastáil uait ag éisteacht an éilimh, is féidir leat iarratas ar sheirbhísí ateangaire a dhéanamh chuig rúnaíocht an Bhinse trí litir nó trí ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh baile nó chuig an seoladh ríomhphoist thíos, agus an teanga lena mbaineann á sonrú agat. Ba mhór againn dá bhféadfá an t-iarratas sin a dhéanamh dhá sheachtain ar a laghad roimh dháta na héisteachta.

**(19)** **SAORÁIL FAISNÉISE**

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, tugadh an Binse Achomhairc Fostaíochta faoi shainchúram an Achta an 14 Aibreán 2015. Ón dáta sin i leith, is féidir leat rochtain a iarraidh ar aon taifid a bhaineann leat féin, is cuma cén uair a cruthaíodh iad. Is féidir leat aon taifid eile a cruthaíodh tar éis an 21 Aibreán 2008 a iarraidh. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar ár suíomh Gréasáin:
http://www.workplacerelations.ie/en/Workplace_Relations_Bodies/Employment_Appeals_Tribunal.

**NÓTA - BAIN AN FHOIRM DE NA NÓTAÍ AGUS SEOL Í CHUIG AN SEOLADH SEO A LEANAS:**

**An Rúnaí**
**An Binse Achomhairc Fostaíochta**
**Teach Mhic Dháibhéid,**
**65A Bóthar Adelaide,**
**Baile Átha Cliath 2**
**D02 TW27**

**Teileafón: (01) 631 3006**
**1890 220222 Seirbhís Íosghlao ó áiteanna lasmuigh de limistéar (01)***

**Suíomh Gréasáin: www.workplacerelations.ie;**
**Ríomhphost: eat@djei.ie**

***tabhair faoi deara go bhféadfadh go mbeadh rátaí éagsúla á ngearradh ag soláthraithe seirbhísí difriúla i leith na huimhreach Íosghlao (1890) a úsáid.**